# CEARTÚCHÁN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 176 Eagrán Speisialta Gaeilge an 27 Meitheamh 2013)*

*(Leagan ceartaithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 321 an 30 Samhain 2013)*

Is dár foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L an 27 Meitheamh 2013* a thagraíonn na tagairtí seo a leanas:

1. Ar leathanach 33, Airteagal 19(2), pointe (c):

*in ionad:* "(c) …. a fhad a bhaineann le cuspóirí an fhaireacháin ar institiúidí creidmheasa…",

*léitear:* "(c) …a fhad a bhaineann le cuspóirí an fhaireacháin ar institiúidí…".

2. Ar leathanach 42, Airteagal 36(1), pointe (j):

*in ionad:* "(j) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de bhun Airteagal 56 a sháraíonn Caipiteal Breise Leibhéal 1 na hinstitiúide;",

*léitear:* "(j) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Breise Leibhéal 1 de bhun Airteagal 56 a sháraíonn ítimí Breise Leibhéal 1 na hinstitiúide;".

3. Ar leathanach 51, Airteagal 56, pointe (e):

*in ionad:* "(e) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 de bhun Airteagal 66 a sháraíonn Caipiteal Leibhéal 2 na hinstitiúide;",

*léitear:* "(e) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Breise Leibhéal 2 de bhun Airteagal 66 a sháraíonn ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide;".

4. Ar leathanach 176, Airteagal 284(6), an tríú habairt:

*in ionad:* "Déanfar an EPE iarbhír a ríomh mar mheán ualaithe den EE iarbhír:

$$Effective\ EPE = \sum_{k=1}^{min\left\{1\ year,\ maturity\right\}} Effective\ EE_{t_k} \cdot \Delta t_k$$

i gcás ina gceadaítear leis na hualuithe $\Delta t_k = t_k - t_{k-1}$ gur féidir an risíocht todhchaí a ríomh ar dhátaí nach bhfuil an méid ama céanna eatarthu.",

*léitear:* "Déanfar an EPE iarbhír a ríomh mar mheán ualaithe den EE iarbhír:

$$Effective\ EPE = \frac{1}{min\left\{1\ year,\ maturity\right\}} \cdot \sum_{k=1}^{min\left\{1\ year,\ maturity\right\}} Effective\ EE_{t_k} \cdot \Delta t_k$$

i gcás ina gceadaítear leis na hualuithe $\Delta t_k = t_k - t_{k-1}$ gur féidir an risíocht todhchaí a ríomh ar dhátaí nach bhfuil an méid ama céanna eatarthu.".